C/2024/1165

26.1.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/1165)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

'Nahegauer Landwein'

PGI-DE-A1293-AM01

Dáta na teachtaireachta: 26.10.2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Tuairisc ar na hathruithe**

(a) Tuairisc ar an bhfíon/ar na táirgí fíniúna agus saintréithe anailíseacha agus/nó orgánaileipteacha a bhaineann leis/leo

Liostaítear neart alcóil nádúrtha íosta agus meáchan úrfhíona nádúrtha íosta 'Nahegauer Landwein' faoi phointe ar leithligh. Níor athraíodh an liosta ábhair. Cuireadh an abairt seo a leanas maidir le cuntasaíocht siléir isteach ar mhaithe le soiléiriú: 'Ní mór an meáchan úrfhíona sa choimeádán coipthe a thaifeadadh.'

Soláthraítear tuairisc orgánaileipteach ar na táirgí éagsúla freisin.

(b) Críochú an limistéir

Leasaíodh an críochú ar limistéar TGFC 'Nahegauer Landwein'.

Liostaíodh na bardais aonair, lena n-áirítear na huimhreacha chadastracha.

Is féidir an críochú beacht a fheiceáil ar léarscáileanna ar a dtaispeántar na fíonghoirt sna bardais dá dtagraítear, agus iad críochaithe de réir na dáileachta. Is féidir breathnú ar na léarscáileanna sin ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

Leasaíodh an limistéar ina bhféadfar Landwein a tháirgeadh. Go dtí seo, níorbh fhéidir 'Nahegauer Landwein' a tháirgeadh ach amháin i limistéar saothrúcháin Nahe. Rinneadh na rialacha i ndáil leis sin a ailíniú le ceanglais dlí agus ceadaítear anois 'Nahegauer Landwein' a tháirgeadh i limistéar difriúil den stát feidearálach céanna nó i stát feidearálach máguaird: 'Féadfar Landwein a tháirgeadh i limistéar seachas an limistéar fáis inar buanadh na fíonchaora agus a shonraítear sa lipéadú, ar choinníoll go bhfuil an limistéar táirgeachta lonnaithe sa stát feidearálach céanna nó i stát feidearálach máguaird.'

(c) Cineálacha fíniúna

Liostaítear na cineálacha fíniúna a leanas faoi phointe 8 (pointe 7 roimhe seo) den tsonraíocht táirge:

Fíonta geala

Albalonga, Auxerrois, Bacchus, Chardonnay, Ehrenfelser, Faberrebe, Freisamer, Gelber Muskateller, Grauer Burgunder, Grüner Silvaner, Grüner Veltliner, Hibernal, Hölder, Huxelrebe, Johanniter, Juwel, Kanzler, Kerner, Kernling, Morio-Muskat, Müller Thurgau, Muskat-Ottonel, Optima, Orion, Ortega, Perle, Phoenix, Prinzipal, Regner, Reichensteiner, Rieslaner, Roter Muskateller, Roter Elbling, Roter Traminer, Saphira, Sauvignon Blanc, 5/6 Scheurebe, Schönburger, Septimer, Siegerrebe, Solaris, Staufer, Weißer Burgunder, Weißer Elbling; Weißer Riesling, Würzer.

Fíon dearg agus fíon rosé

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Accent, Acolon, Blauer Frühburgunder, Blauer Limberger, Blauer Portugieser, Blauer Spätburgunder, Cabernet Cortis, Cabernet Cubin, Cabernet Dorio, Cabernet Dorsa, Cabernet Franc, Cabernet Mitos, Cabernet Sauvignon, Deckrot, Domina, Dornfelder, Dunkelfelder, Merlot, Müllerrebe, Neronet, Palas, Prior, Regent, Rondo, Rubinet, Saint-Laurent, Syrah.

LEASUITHE

Amach anseo, liostófar na cineálacha fíniúna faoi na ceannteidil 'cineálacha fíonchaor geal' agus 'cineálacha fíonchaor dearg' in ionad 'fíonta geala' agus 'fíonta dearga agus rosé'.

- Cuireadh na cineálacha a leanas leis:

Cineálacha fíonchaor geal:

'Adelfränkisch, Aromera, Blauer Silvaner, Blütenmuskateller, Bronner, Cabernet Blanc, Calardis Blanc, Calardis Musque, Chenin Blanc, Comtessa, Divona, Donauriesling, Floreal, Gelber Kleinberger, Gm 6414-39, Gm 6423-12, Gm 7519-3, Gm 7539-4, Goldmuskateller, Grünfränkisch, Muscaris, Ortlieber, Osteiner, Pamina, Rosa Chardonnay, Roter Riesling, Sauvignac, Sauvignon Gris, Sauvitage, Semillion, Sibera, Soreli, Souvignier Gris, Thurling, Viognier, Voltis.'

Cineálacha fíonchaor dearg:

'Artaban, Cabaret Noir, Cabernet Cantor, Cabernet Carbon, Cabernet Jura, Cabertin, Divico, FR 628-2005 r, Gamay Noir, Gm 6423-7, Gm 7517-29, Gm 7519-1, Gm 7520-1, Gm 7816-7, Gm 7838-1, Kleiner Fränkischer Burgunder, Laurot, Monarch, Muskat-Trollinger, Pinotin, Sangiovese, Satin Noir, Schwarzblauer Riesling, VB 91-26-5, Vidoc.'

(d) Ceanglais is infheidhme

Ceanglais atá le comhlíonadh ag eagraíocht a bhainistíonn ATFC/TGFC

Coinneofar an fhoráil seo a leanas lena léirítear an reachtaíocht atá ann cheana, tar éis na leasuithe ar an reachtaíocht fiú: Ní mór go dtiocfadh 100 % de na fíonchaora a úsáidtear sa táirgeadh ón limistéar lena mbaineann ainm Landwein agus níor cheart an méid siúcra iarmharaigh a bheith níos mó ná na luachanna uasta is incheadaithe le haghaidh fíon 'leath-thirim'. Léirítear na rialacha sin anois mar cheanglas arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn ATFC/TGFC (comhlachas cosanta) agus ní léirítear a thuilleadh iad mar cheanglas faoin dlí náisiúnta. Luaitear 100 % go sainráite anois agus déantar tagairt don fhigiúr sin sa liosta ina sainaithnítear an limistéar críochaithe agus an liosta de chineálacha fíniúna sa tsonraíocht táirge:

Rinneadh an fhoclaíocht ' Ní fhéadtar "Nahegauer Landwein" a dhéanamh ach amháin as fíonchaora de thionscnamh fíonghort sa limistéar fíonsaothraithe agus as cineálacha fíniúna údaraithe' a leasú mar a leanas: 'Ní mór go dtiocfadh 100 % de na fíonchaora a úsáidtear chun 'Nahegauer Landwein' a tháirgeadh ó na bardais nó aonaid chadastracha a liostaítear faoi phointe 4 den tsonraíocht táirge agus ó na cineálacha fíniúna a údaraítear faoi phointe 8 den tsonraíocht táirge.'

Ní leasaíodh foclaíocht an cheanglais maidir le cion siúcra iarmharaigh.

Cuireadh ceanglas maidir le lipéadú leis:

Ní fhéadtar ach ainmneacha iarbhír a úsáid ar lipéadú tháirgí 'Nahegauer Landwein' TGFC a chuirtear ar an margadh agus tásc ar an gcineál fíniúna leis. Ceadaítear cumasc le tréithchineálacha nua.

I gcás ina ndéantar fíon go heisiach as fíonchaora de thréithchineálacha nua, ní mór é a chur ar an margadh gan tásc ar an gcineál fíniúna a chur ar an lipéad.

(e) Údaráis rialaithe

I bpointe 10 den tsonraíocht, athraíodh uimhir facs agus cúraimí na n-údarás rialaithe. Is mar sin atá toisc gur aistríodh an fhreagracht as ceadanna plandaithe nua ó Chomhlachas Talmhaíochta Rheinland-Pfalz (*Landwirtschaftskammer Rheinland-Pfalz* – LWK) chuig an Oifig Cónaidhme um Thalmhaíocht agus Bia (*Bundesanstalt für Landwirtschaft und Ernährung* – BLE).

(f) Eile

Athruithe eagarthóireachta i gcomhréir le ceanglais an Aontais. Áirítear leis an méid sin aon leasú a dhéantar chun an reachtaíocht reatha a léiriú, trí thagairt a dhéanamh do rialacha infheidhme nó an fhoclaíocht i gceist a scriosadh.

2. **Cúiseanna leis na hathruithe**

(a) Tuairisc ar an bhfíon/ar na táirgí fíniúna agus saintréithe anailíseacha agus/nó orgánaileipteacha a bhaineann leis/leo

Liostaítear an neart alcóil nádúrtha íosta agus an meáchan úrfhíona nádúrtha íosta faoi phointe ar leithligh chun an tsonraíocht táirge a dhéanamh níos soiléire. Ós rud é go mbaintear an tábla comhshó níl bunús dlí ann a thuilleadh leis an tagairt don mheáchan úrfhíona nádúrtha íosta. Mar sin féin, ós rud é go n-oibríonn táirgeoirí i gcleachtas leis an Öchslegrade (scála an mheáchan úrfhíona), beidh sé sin sa tsonraíocht táirge fós. Déanfar an tásc ar an íosmhéid nirt alcóil nádúrtha agus an meáchan úrfhíona nádúrtha íosta a chomhcheangal dá bhrí sin leis an bhfocal 'agus'. Léirítear go soiléir leis sin nach mór do tháirgeoirí cloí le luach an íosmhéid nirt alcóil nádúrtha agus le luach an íosmheáchan úrfhíona nádúrtha ar aon má tá siad chun táirgí 'Nahegauer Landwein' a mhargú mar 'Nahegauer Landwein'. Chun míthuiscintí a sheachaint maidir le cuntasaíocht siléir, chinn an comhlachas cosanta abairt a chur isteach lena soiléirítear nach gá ach an meáchan úrfhíona íosta a thaifeadadh i dtaifid na fíonlainne.

Rinneadh na tuairiscí ar shaintréithe orgánaileipteacha níos caolchúisí chun na táirgí éagsúla a léiriú ar bhealach níos fearr.

(b) Críochú an limistéir

Rinneadh na hathruithe ar chríochú an limistéir a bheartú go maith agus tá siad ceaptha srian a chur le míbhuntáistí suntasacha don fhíonsaothrú agus talmhaíocht agus don tírdhreach i réigiún Nahe a rinneadh forbairt air le himeacht ama. Rinneadh sin mar gur tháinig forbairt ar an bhfíonsaothrú i réigiún Nahe ar feadh na céadta bliain laistigh de theorainneacha geografacha sonracha na n-aonad cadastracha ábhartha mar a rinneadh sna limistéir fíonsaothrúcháin thraidisiúnta uile san Eoraip, agus tá sé beartaithe leis an méid sin na míbhuntáistí a leagtar amach go mionsonrach thíos a sheachaint:

Ós rud é nach mbíonn na bearta cosanta plandaí a chuirtear chun feidhme comhoiriúnach i gcónaí le barra eile, tá gá le fíonghoirt dúnta chun críocha dearbhaithe cáilíochta.

Ar an gcaoi sin, má bhíonn fíonghoirt a neas-suí i ngar do thalamh a mbaintear úsáid eile aisti, ba cheart é sin a sheachaint a mhéid is féidir: Áit a mbíonn fíonghort níos iata agus níos lú pointí teagmhála ag talamh a úsáidtear le haghaidh fíonsaothrú agus úsáidí eile (feirmeoireacht arúil, talamh féaraigh, fás torthaí etc.), is lú na héifeachtaí diúltacha a bhíonn ar shaothrú agus ar cháilíocht na bhfíonta ann. Tá sé sin mar gheall ar na riachtanais bainistíochta shonracha a bhaineann le fíonsaothrú, go háirithe i gcás plandaí a chosaint. Is minic a bhíonn éagsúlacht nach beag ar na táirgí cosanta plandaí, a mhéid a bhaineann leis na cuspóirí a shaothraítear, údarú barrshonrach agus tréimhsí feithimh.

Fiú má bhaintear úsáid as trealamh teicniúil cuí agus má chomhlíontar na rialacha maidir le dea-chleachtas talmhaíochta, d'fhéadfaidís gluaiseacht chuig dáileachtaí cóngaracha a bhfuil úsáidí éagsúla acu agus d'fhéadfadh sé sin damáiste nach bhfuil de dhíth a dhéanamh don fhásra i limistéir nach bhfuiltear ag díriú orthu nó cur isteach ar cháilíocht/indíoltacht táirgí mar gheall ar iarmhair áirithe a bheith ann. Mar shampla, má thagann cáitheadh sprae neamh-inmhianaithe as úsáid luibhicídí sistéamacha i limistéir máguaird, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar bhláthú torthaí má tharlaíonn an t-éilliú sula mbláthaíonn na fíniúnacha. Má bhaintear úsáid as luibhicídí teagmhála, d'fhéadfaí na codanna den cheannbhrat/de na bachlóga a ndéantar difear dóibh a dhó. Os a choinne sin, d'fhéadfadh fadhbanna a bheith ann dá síobfadh fuingicídí a úsáidtear san fhíonsaothrú isteach ar thalamh arúil máguaird. Toisc nach n-údaraítear táirgí cosanta plandaí le haghaidh barr áirithe a fhástar sa limistéar sin, d'fhéadfaí a fháil amach i staidéir iarmhair – ar bhonn anailís iomlán agus uasteorainneacha iarmhar ísle – nach bhfuil an táirge oiriúnach lena chur ar an margadh. Bíonn an scéal amhlaidh i gcás ullmhóidí copair a úsáidtear san fhíonsaothrú orgánach. Is minic a tharlaíonn cásanna den chineál sin sa chleachtas agus ar an ábhar sin ba cheart iad a sheachaint. Ciallaíonn sin gur féidir damáiste a dhéanamh do thalamh arúil de dheasca na mbeart cosanta plandaí a dhéantar i bhfíonghoirt máguaird agus, sa chaoi chéanna, is féidir damáiste a dhéanamh do thalamh faoi fíniúnacha agus na fíonchaora a fhásann uirthi de dheasca na mbeart cosanta plandaí a dhéantar ar an talamh arúil máguaird.

Ní féidir neart modhanna bainistíochta agus cosanta sa réimse fíonsaothraithe a úsáid agus níl siad éifeachtach ach amháin má úsáidtear iad i bhfíonghoirt chomhdhlúthaithe.

— Tá straitéisí cosanta plandaí a bhfuil tionchar íseal acu ag a bhfuil buntáistí cáilíochtúla, comhshaoil agus eacnamaíocha tábhachtach chun táirgeadh inbhuanaithe fíonta ar ardchaighdeán a áirithiú.

— Ní oibreoidh modhanna seanbhunaithe a úsáidtear go forleathan ach amháin i gcás ina ndéantar, i bhfíonghoirt iata, na dáileoirí fearamóin is gá chun iomadú a shrianadh agus mearbhall a chur ar na lotnaidí a leathadh chomh forleathan agus is féidir, agus san am céanna, an cleachtas costasach a bhaineann le dáileoirí a dhéshuí le chéile ag na himill (teorainneacha le barra eile, úsáidí eile nó fásra eile) a mhéid is féidir.

— Tá gá le fíonghoirt iata ó thaobh cúrsaí teicniúla agus eacnamaíocha de freisin chun na fíonchaora aibí a chosaint ar dhamáiste a dhéanann éin agus iad á mbeathú féin agus aon damáiste eile a dhéanann siad don cháilíocht, mar is é an bealach sin an t-aon mhodh is féidir cosaint éifeachtach a áirithiú féin agus aon damáiste eile a dhéanann siad

— Cuireann fíonghoirt iata cosc freisin ar dhamáiste a dhéanann géim. Tháinig méadú nach beag ar an damáiste a dhéanann géim, do bharra talmhaíochta agus d'fhíonghoirt ar aon i limistéar Nahe le blianta beaga anuas. Muca fiáine, den chuid is mó, ach fianna odhra agus fianna rua chomh maith, a dhéan ann an damáiste. Is gá an daonra muc a theorannú go háirithe ó thaobh an fhíonsaothraithe de, go háirithe toisc nach bhfuil fíonsaothraithe Rheinland-Pfalz de ghnáth i dteideal cúitimh i leith damáistí a dhéanann ainmhithe fiáine d'fhíonghoirt Laghdaíonn fíonghoirt iata an riosca a bhaineann le ráigeanna infhógartha d'fhiabhras Afracach na muc, fiabhras atá mar riosca suntasach d'fheirmeoireacht beostoic sa Ghearmáin. Tá sé níos éasca agus níl sé chomh costasach toirc allta a chomhrac i bhfíonghoirt iata i gcomparáid le limistéar a úsáidtear chun barra éagsúla a fhás (e.g. fíonchaora, barra arúla agus torthaí), ina soláthraítear limistéir tearmainn agus foinsí bia.

— An cleachtas a bhaineann le sil-uisciú i bhfíonghoirt, a úsáidtear chun fíniúnacha a fhás go háirithe i bhfíonghoirt óga, tá sé ag éirí níos tábhachtaí, agus baineann buntáiste le fíonghoirt iata i gcás an bhonneagair is gá (toibreacha, píobáin, etc.) a thógáil agus a oibriú. Tá foinsiú agus bailiú comhchoiteann uisce agus úsáid chomhchoiteann iompair agus línte dáilte níos éifeachtúla agus níos saoire i bhfíonghoirt den sórt sin.

— Ní hionann na ceanglais maidir le líonraí lánaí, mar shampla, agus iad sin ar thalamh arúil. Dá mba rud é nach mbeadh seanfhíonghoirt le húsáid a thuileadh le haghaidh fíonsaothraithe b'fhéidir nach bhféadfaí nó go mbeadh sé an-deacair an talamh a úsáid le haghaidh feirmeoireacht arúil nó féaraigh mar gheall ar líonraí lánaí atá ceaptha don fhíonsaothrú. De ghnáth is d'fheithiclí agus innill atá níos lú agus níos éadroime ná iad sin a úsáidtear le haghaidh feirmeoireacht arúil atá an struchtúr lanaí i bhfíonghoirt ceaptha. Dá mbeadh na lánaí sin uile le hatreisiú chun ualaí níos troime a sheasamh, chruthódh sin ualach airgeadais níos troime do na feirmeoirí uile sa limistéar.

  Is iad an tírdhreach saothraithe, a forbraíodh le himeacht ama, agus an tírdhreach nádúrtha, lena n-áirítear na fíonghoirt thraidisiúnta, a mhúnlaíonn íomhá réigiún táirgeachta 'Nahegauer Landwein' agus an cháil atá aige.

— Dar le cónaitheoirí áitiúla, comhaltaí de thionscal fíona an réigiúin, speisialtóirí agus tomhaltóirí chomh maith, is saintréith den réigiún an fíonsaothrú a dhéantar i bhfíonghoirt thraidisiúnta ar fána lena mhúnlaítear an tírdhreach.

— D'athrófaí an radharc tíre nádúrtha dá n-úsáidfí an talamh le haghaidh feirmeoireacht arúil thraidisiúnta agus dá bhrí sin d'athrófaí an tírdhreach saothraithe a forbraíodh i gcaitheamh na gcéadta.

— Ní haon ionadh go bhfeictear go rialta pictiúir a thógtar i bhfíonghoirt thraidisiúnta ar mhaithe le fógraíocht fíona agus an limistéar fíona á chur i láthair.

— Maidir leis an turasóireacht – i gcomhar leis an limistéar fíonsaothraithe thraidisiúnta agus sna fíonfghoirt thraidisiúnta – tá ról mór ag an bhfíon féin.

— Roinnt mhaith fíonta a chuirtear i láthair i bhfoilseacháin speisialaithe, a bhfuil tionchar láidir acu ar bhraistint agus clú 'Nahegauer Landwein' TGFC, is de thionscnamh fíonghort le fána iad (Dorsheimer Burgberg, Dorsheimer Pittermännchen, Monzinger Frühlingsplätzchen, Monzinger Halenberg, Niederhäuser Hermannshöhle, Niederhäuser Rosenheck, Norheimer Dellchen agus Schlossböckelheimer Felsenberg san áireamh).

— Ciallaíonn na sonraí 'boga' sin go bhfuil 'Nahegauer Landwein' TGFC ualaithe go mothúchánach – ar bhealach deimhneach – do thrádálaithe agus do thomhaltóirí araon. Nuair a cheannaíonn daoine fíon ó limistéar Nahe nó nuair a ólann siad é, cuirtear i gcuimhne dóibh íomhánna na bhfánaí sin, ruda spreagann mothúcháin agus a thugann cuimhní chun tosaigh (laethanta saoire nó tírdhreacha áille mar shampla). Tá TGFC 'Nahegauer Landwein' eisceachtúil agus uathúil mar gheall air sin.

— Tá baol ann go gcuirfeadh sé sin neart fíonghort i mbaol go mbrúfadh scrobarnach neamh-inmhianaithe isteach orthu, ós rud é nach bhfuil siad oiriúnach le haghaidh aon úsáide eile seachas fíonsaothrú mar gheall ar a méid bheag, a saintréithe agus an deacracht is minic a bhaineann leo innill níos mó a thabhairt iontu. D'fhéadfadh plandaí óstaigh (e.g. plandaí séar dubh) le haghaidh lotnaidí nach bhfuil de dhíth, amhail an chuileog fhínéagair shilín, tosú ansin ag fás ar na limistéir neamhshaothraithe sin, dá bhrí sin ag bagairt sláinte agus cháilíocht na bhfíonchaor sna fíonghoirt máguaird.

Is léir ó na cúiseanna a leagtar amach thuas go mbaineann neart buntáistí le fíonghoirt a shaothrú ar láithreán comhdhlúthaithe agus iata, más féidir, le haghaidh úinéirí agus oibreoirí fíonghort, chomh maith leis an gcomhshaol. Dá bhrí sin, i bhfianaise na míbhuntáistí iomadúla a shonraítear thuas, níor cheart an sciar d'fhíonghoirt atá scaipthe thar láithreáin iomadúla a mhéadú, agus an sciar sin íseal cheana féin.

Dá bhrí sin, ní thabharfar sainmhíniú níos cúinge sa tsonraíocht táirge ná mar a cheadaítear leis an dlí ar an limistéar ina bhféadfar 'Nahegauer Landwein' a tháirgeadh.

(c) Cineálacha fíniúna

Bhí an liosta cineálacha fíniúna neamhiomlán; cuireadh ann na cineálacha uile atá san áireamh i liosta BLE agus a shaothraítear i limistéar Nahe toisc go bhfuil a luach sa limistéar cruthaithe ag na cineálacha sin cheana féin. Comhlíonann na fíonta a tháirgtear ó na cineálacha sin ceanglais na sonraíochta táirge.

Amach anseo, beidh na cineálacha fíonchaoire liostaithe faoi na ceannteidil 'cineálacha fíonchaor geal' agus 'cineálacha fíonchaor dearg' seachas 'fíonta geala' agus 'fíonta dearga agus rosé', ós rud é gurb é an liosta de chineálacha fíniúna sa tsonraíocht táirge, seachas an táirge deiridh, a chinneann cibé acu an féidir nó nach féidir cineálacha a shaothrú.

(d) Ceanglais is infheidhme

Ceanglais atá le comhlíonadh ag eagraíocht a bhainistíonn ATFC/TGFC

Ní áirítear sa reachtaíocht náisiúnta an riail maidir le 100 % ná an riail maidir leis an méid siúcra iarmharaigh a thuilleadh. Dá bhrí sin, léirítear iad sin mar cheanglais arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC (comhlachas cosanta). Maidir leis na leasuithe arna ndéanamh don téacs (e.g. chun an figiúir 100 % a lua go sainráite), déantar iad sin chun substaint na forála bunaidh a shoiléiriú. Níor athraíodh an liosta ábhair.

Leis na rialacha um lipéadú cosnaítear táirgí TGFC ar chailleadh luach féideartha.

Tá tábhacht do thomhaltóirí ag baint le gnéithe amhairc lipéid. Dá gcuirfí táirge nua ar an margadh agus tréithchineál nua priontáilte ar an lipéad, is é rud é nach dtuigfeadh an tomhaltóir cad bá bhrí leis an tásc nó go dtuigfí dó gur táirge saothraithe thurgnamhaigh a bheadh ann mura léireofaí sin go soiléir, agus ba dheacra dá dheasca sin dó cinneadh a dhéanamh an táirge a cheannach nó gan é a cheannach. B'fhéidir nach mbeadh na tomhaltóirí ar an eolas gurb iad atá iontu sin cineálacha aicmithe a bhfuil a luach cruthaithe, rud a thabharfadh orthu measúnú diúltach a dhéanamh ar na táirgí gan an deis a bheith acu iad a bhlaiseadh. Bheadh tionchar ag an drochíomhá a chruthófaí dá dheasca sin ar raon táirgí iomlán 'Nahegauer Landwein' dá ndéanfaí na táirgí sin a lipéadú mar 'Nahegauer Landwein' TGFC, agus dhéanfadh sin dochar dá bhrí sin do dhíolachán táirgí 'Nahegauer Landwein' TGFC.

(e) Údaráis rialaithe

Athraíodh an uimhir facs.

Athraíodh an fhoclaíocht chun an reachtaíocht is infheidhme a léiriú.

(f) Eile

Ní mór athruithe eagarthóireachta a dhéanamh chun ceanglais an Aontais a chomhlíonadh.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm/ainmneacha**

Nahegauer Landwein

2. **Cineál táisc gheografaigh**

TGFC – Tásc geografach faoi chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **TUAIRISC AR AN BHFÍON NÓ AR NA FÍONTA**

1. Fíon, geal

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ag brath ar thosca éagsúla a mbíonn tionchar acu, cuimsítear i raon dathanna na bhfíonta geala go hiondúil buí éadrom, agus imireacha glas orthu, glasbhuí, buí ar dhath na tuí agus buí órga. Ag brath ar chineál na fíniúna, d'fhéadfadh dathanna beagán dearg a bheith ann freisin.

Go sonrach, is féidir dath oráiste a bheith ar fhíonta geala brúchoipthe, in éineacht le himireacha cineál dearg agus donn. D'fhéadfadh moirtiúlacht nádúrtha chobhsaí a bheith sna fíonta geala nó moirtiúlacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail) nuair a chroitear iad. Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí háiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon.

Ag brath ar chineál na fíniúna, bíonn dea-bholadh go háirithe ar na fíonta geala a chuirfeadh i gcuimhne dea-bholaí príomha torthaí (coimhthíocha), torthaí triomaithe uaireanta, blasanna bláthacha, dea-bholaí spíosracha nó féarúla, dea-bholaí plandaí ag a bhfuil blasanna mianra (e.g. slinn). D'fhéadfadh blasanna ocsaídiúcháin d'aon ghnó, blasanna fionólacha nó réaduchtacha de dhéine fíneáilte go déine measartha.

Bíonn blas na bhfíonta go hiondúil idir éadrom, fíneáilte, úr, bríomhar agus sárbhlianta cumhachtacha iomlána acu ar a bhfuil blasanna fíneáilte tósta agus fíonta casta ag abhfuil coibhneas cothromaithe siúcra agus aigéadachta. Aigéadacht úr agus saintréithe mianracha is mó a bhaineann go sonrach leis na fíonta.

Féadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 % tar éis shaibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

2. Fíon, dearg

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ag brath ar chineál na fíniúna agus ar na hoibríochtaí siléir, go hiondúil bíonn dath dearg éadrom go rúibín ar na fíonta agus dearg an ghairnéid go dúdhearg, agus imireacha gorma, corcairghorma agus donna go minic orthu. D'fhéadfadh moirtiúlacht nádúrtha chobhsaí a bheith sna fíonta nó moirtiúlacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail) nuair a chroitear iad. Moirtiúlacht a chruthaítear go saorga trí áiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon, ní cheadaítear sin áfach.

Ag brath ar chineál na fíniúna agus ar na hoibríochtaí siléir, bíonn dea-bholaí torthaíocha ar na fíonta dearga a chuireann silíní, caora dearga nó dubha, cuirín dubh nó (uaireanta) torthaí triomaithe i gcuimhne.

Bíonn aigéadacht bhog nó inbhraite ag fíonta ag a bhfuil tathag measartha chomh maith le struchtúr tainnineach discréideach agus bíonn siad torthaíoch go maith. Bíonn dea-bholaí dlútha de chaora dearga nó dubha ar fhíonta tathagacha agus d'fhéadfadh dea-bholaí spíosracha agus deataigh orthu. Go hiondúil bíonn struchtúr aigéadach níos boige agus tainniní láidre, rud a fhágann go mbíonn struchtúr maith acu agus cáilíochtaí coinneála maithe.

Féadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 12 % tar éis shaibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

3. Fíon, rosé, Blanc de Noir

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Go hiondúil bíonn dath bándearg éadrom go bándearg go dearg geal dearg cé gur dath fíona ghil a bhíonn ar na fíonta Blanc de Noir. D'fhéadfadh moirtiúlacht nádúrtha chobhsaí a bheith sna fíonta nó moirtiúlacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail) nuair a chroitear iad. Moirtiúlacht a chruthaítear go saorga trí áiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon, ní cheadaítear sin áfach.

De bhrí go ndéantar na húrfhíonta a fhorbairt ar an mbealach céanna agus an fíon geal, go hiondúil bíonn dea-bholadh torthaíoch úr orthu a chuireann torthaí nó caora dearga nó buí éadrom i gcuimhne. Is é an difríocht idir fíonta rosé agus fíonta dearga go mbíonn na fíonta rosé úr go hiondúil agus bíonn neart alcóil níos measartha agus cion tainnin níos ísle iontu. De ghnáth bíonn struchtúr fíneáilte iomlán ar na fíonta sin, agus blas orthu arb í aigéadacht bhríomhar íogair go húr is saintréith dó.

Féadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 % tar éis shaibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

4. Fíon, Rotling

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn dath fíordhearg éadrom ar na fíonta sin de ghnáth, agus saintréithe céadfacha atá cosúil leis na saintréithe a chuirtear i leith fíonta rosé. Bíonn a ndea-bholaí torthaíoch den chuid is mó, spíosrach éadrom uaireanta agus blasanna de chaora, de thorthaí póma agus citris orthu. Bíonn blas atá idir mín agus saibhir orthu agus struchtúr aigéid úir den chuid is mó. D'fhéadfadh moirtiúlacht nádúrtha chobhsaí a bheith sna fíonta nó moirtiúlacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail) nuair a chroitear iad. Moirtiúlacht a chruthaítear go saorga trí áiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon, ní cheadaítear sin áfach.

Féadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 % tar éis shaibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Gach táirge

   Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

   Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

2. Gach táirge

   Srianadh ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh

   Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

3. Gach táirge

   Cleachtais saothraithe

   Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíon

   150 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Maidir le táirgí a bhfuil sé ceadaithe an tásc geografach faoi chosaint 'Nahegauer Landwein' a bheith orthu, ní mór go dtiocfaidís ó fhíonghoirt atá suite sna bardais agus na ceantair seo a leanas:

Alsenz (4597), Altenbamberg (1978), Auen (2037), Bad Kreuznach (Bad Kreuznach (1942), Bad Münster a. Stein (1976), Bosenheim (1943), Ebernburg (1977), Ippesheim (1945), Planig (1944), Winzenheim (1941)), Bad Sobernheim (Sobernheim (2043)), Bärweiler (2047), Bayerfeld-Steckweiler (4625), Becherbach bei Kirn (2088), Bingen am Rhein (Bingerbrueck (3521)), Bockenau (2003), Boos bei Bad Kreuznach (2001), Braunweiler (2014), Breitenheim (2073), Bretzenheim (1928), Burgsponheim (2004), Callbach (2063), Dalberg (2016), Desloch (2072), Dielkirchen (Dielkirchen (4623), Steingruben (4624)), Dorsheim (1922), Duchroth (1982), Eckenroth (1909), Feilbingert (1980), Finkenbach-Gersweiler (4606), Gaugrehweiler (4596), Gerbach (4627), Guldental (Heddesheim (1927), Waldhilbersheim (1926)), Gutenberg (2009), Hargesheim (2008), Hergenfeld (2010), Hochstätten (1979), Hohenöllen (4683), Hüffelsheim (1997), Kalkofen (4593), Kirschroth (2046), Langenlonsheim (1924), Langenthal (2038), Laubenheim (1923), Lauschied (2048), Lettweiler (2061), Mandel (2006), Mannweiler-Cölln (Cölln (4600), Mannweiler (4599)), Martinstein (2051), Meddersheim (2044), Meisenheim (2069), Merxheim (2045), Monzingen (2041), Münsterappel (4594), Münster-Sarmsheim (3512), Niederhausen (1984), Niederhausen an der Appel (4591), Niedermoschel (4603), Norheim (1985), Nussbaum (2042), Oberhausen an der Appel (4595), Oberhausen an der Nahe (1983), Obermoschel (4604), Oberndorf (4598), Oberstreit (2002), Odernheim am Glan (2050), Offenbach-Hundheim (Offenbach (4701)), Raumbach (2070), Rehborn (2062), Rockenhausen (4631), Roth bei Bad Kreuznach (1906), Roxheim (2007), Rüdesheim (1996), Rümmelsheim (1921), Sankt Katharinen (2013), Schloßböckelheim

(1999), Schöneberg bei Bad Kreuznach (1908), Schweppenhausen (1910), Simmertal (2096), Sommerloch (2012), Spabrücken (2017), Sponheim (2005), Staudernheim (2049), Stromberg (1907), Traisen (1986), Unkenbach (4605), Waldalgesheim (Genheim (3511)), Waldböckelheim (2000), Waldlaubersheim (1911), Wallhausen (2011), Warmsroth (Wald-Erbach (1905), Warmsroth (1904)), Weiler bei Bingen (3509), Weiler bei Monzingen (2040), Weinsheim bei Bad Kreuznach (1998), Windesheim (1925), Winterborn (4592), Wolfstein (4658).

Is féidir an críochú beacht a fheiceáil ar léarscáileanna ar a dtaispeántar na fíonghoirt sna bardais dá dtagraítear, agus iad críochaithe de réir na dáileachta. Is féidir breathnú ar na léarscáileanna sin ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

'Féadfar Landwein a tháirgeadh i limistéar seachas an limistéar fáis inar buanadh na fíonchaora agus a shonraítear sa lipéadú, ar choinníoll go bhfuil an limistéar táirgeachta lonnaithe sa stát feidearálach céanna nó i stát feidearálach máguaird.'

7. **Cineálacha fíniúna**

Accent

Acolon

Adelfränkisch — Grüner Adelfränkisch

Albalonga

Aromera

Artaban

Auxerrois — Auxerrois Blanc, Pinot Auxerrois

Bacchus

Blauer Frühburgunder — Pinot Noir Précoce, Pinot Madeleine, Madeleine Noir, Frühburgunder, Pinot Madelaine

Blauer Limberger — Lemberger, Blaufränkisch, Limberger

Blauer Portugieser

Blauer Silvaner

Blauer Spätburgunder

Blütenmuskateller

Bronner

Cabaret Noir

Cabernet Blanc

Cabernet Cantor

Cabernet Carbon

Cabernet Cortis

Cabernet Cubin

Cabernet Dorio

Cabernet Dorsa

Cabernet Franc

Cabernet Jura

Cabernet Mitos

Cabernet Sauvignon

Cabertin

Calardis Blanc

Calardis Musqué
Chardonnay
Chenin Blanc
Comtessa
Dakapo
Deckrot
Divico
Divona
Domina
Donauriesling
Dornfelder
Dunkelfelder
Ehrenfelser
FR 628-2005 r
Faberrebe
Floreal
Freisamer
Gamay Noir
Gelber Kleinberger
Gelber Muskateller
Gm 6414-39
Gm 6423-12
Gm 6423-7
Gm 7517-29
Gm 7519-1
Gm 7519-3
Gm 7520-1
Gm 7539-4
Gm 7816-7
Gm 7838-1
Goldmuskateller — Muskateller
Grüner Silvaner — Silvaner, Sylvaner
Grüner Veltliner — Veltliner
Grünfränkisch
Hegel
Hibernal
Huxelrebe — Huxel
Hölder
Johanniter
Juwel
Kanzler
Kerner
Kernling

Kleiner Fränkischer Burgunder — Burgunder Fränkisch Kleiner

Laurot

Merlot

Monarch

Morio Muskat

Muscaris

Muskat Ottonel — Muskat-Ottonel

Muskat Trollinger

Müller Thurgau — Rivaner

Müllerrebe — Schwarzriesling, Pinot Meunier

Neronet

Optima 113 — Optima

Orion

Ortega

Ortlieber

Osteiner

Palas

Pamina

Perle

Phoenix — Phönix

Pinotin

Prinzipal

Regent

Regner

Reichensteiner

Rieslaner

Rondo

Rosé Chardonnay — Chardonnay, Rosa Chardonnay, Chardonnay Rosé

Rotberger

Roter Elbling — Elbling Rouge

Roter Muskateller — Muskateller, Muscat, Moscato

Roter Riesling

Roter Traminer — Clevner, Traminer

Ruländer — Pinot Grigio, Grauburgunder, Grauer Burgunder, Pino Gris

Saint Laurent — St. Laurent, Sankt Laurent

Sangiovese

Saphira

Satin Noir

Sauvignac

Sauvignon Blanc — Muskat Silvaner

Sauvignon Gris

Sauvitage

Scheurebe

Schwarzblauer Riesling

Schönburger

Semillon

Septimer

Sibera

Siegerrebe

Solaris

Soreli

Souvignier Gris

Staufer

Syrah

Thurling

VB 91-26-5

Vidoc

Viognier

Voltis — Colmar 2011 G

Weißer Burgunder — Pinot Bianco, Weißburgunder, Pinot Blanc

Weißer Elbling — Elbling, Kleinberger

Weißer Riesling — Riesling Renano, Rheinriesling, Klingenberger, Riesling

Würzer

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

I dtéarmaí simplithe tá an limistéar fíonsaothraithe suite idtriantán idir idir na bailte Bingen, Alsenz agus Monzingen. Tá sé ina chuid de 3 chrios fhiseaghrafacha. I bhfad isteach san oirdheisceart tá bunchnoic Hunsrück (Soonwald) ina gcuid den limistéar fíonsaothraithe. Baineann an chuid ó thuaidh le Nördliches Oberrheintiefland (ísealchríocha Réine Íochtaraí thuaidh), arb iad atá ann Unteres Nahehügelland agus Untere Naheebene (cnoic is ísle Nahe agus machaire íseal Nahe), agus baineann an chuid ó dheas le Saar-Nahe-Bergland (cnoic Saar-Nahe) in Nordpfälzer Bergland (Ardtailte Palzf Thuaidh). Imlíniocht gharbh ar gheolaíocht an réigiúin atá sa struchtúr fiseagrafach seo. Ar an meán tá an limistéar fíoghoirt sin suite thart ar 210 m os cionn leibhéal na farraige. Is ar fhánaí géara nó fánaí fíorghéara a dhéantar fíonsaothrú i limistéar Nahe.

Is ón tréimhse Dhéavónach na carraigeacha is sine sa limistéar. Orthu sin tá sil-leagain mhuirí ársa chruaite (gaineamhchloch, slinn, grianchloichít) chomh maith le carraigeacha meiteamorfacha (siosta glas, fillít). Is iad carraigeacha Rotliegend, áfach, carraigeacha Rotliegend bolcánacha (laitít, aindéisít agus basalt) san áireamh, is mó ar fad atá ann. Fásann fíniúnacha ar shil-leagain threasacha chomh maith, gainimh dhobharaíocha agus chósta agus marlaí muirí san áireamh.

Is í 9.3 °C an mheánteocht i gcaitheamh an lae, agus meánteocht de 13.8 °C le linn an tséasúir fáis féin. Is é 580 mm an mheánfhrasaíocht agus cuireann 60 % den fhrasaíocht le linn an tséasúir fáis.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Is í 9.7 °C an mheánteocht i gcaitheamh an lae, agus meánteocht de 14.1 °C le linn an tséasúir fáis féin. Is é 760 mm an mheánfhrasaíocht agus cuireann 60 % den fhrasaíocht le linn an tséasúir fáis.

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

— Ní mór go dtiocfadh 100 % de na fíonchaora a úsáidtear chun 'Nahegauer Landwein' a tháirgeadh ó na bardais nó aonaid chadastracha a liostaítear faoi phointe 4 den tsonraíocht táirge agus ó na cineálacha fíniúna a údaraítear faoi phointe 8 den tsonraíocht táirge.

— Ní fhéadfaidh cion iarmharach siúcra fíona arna mhargú mar ‘Landwein’ an t-uasluach incheadaithe a shárú don tásc ‘leath-thirim’.

— Ní fhéadtar ach ainmneacha iarbhír a úsáid ar lipéadú tháirgí ‘Nahegauer Landwein’ TGFC a chuirtear ar an margadh agus tásc ar an gcineál fíniúna leis. Ceadaítear cumasc le tréithchineálacha nua. I gcás ina ndéantar fíon go heisiach as fíonchaora de thréithchineálacha nua, ní mór é a chur ar an margadh gan tásc ar an gcineál fíniúna a chur ar an lipéad.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein